# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/180 ÓN gCOIMISIÚN

## an 9 Feabhra 2021

## lena gcláraítear ainm a iontráladh i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint, is é sin ("Dalmatinska pečenica"] (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí ([1]), go háirithe Airteagal 52, mír 2, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50, mír 2, pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Chróit ar chlárú an ainm "Dalmatinska pečenica" a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas agóide de réir bhrí Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 don Choimisiúin, ba cheart an t-ainm "Dalmatinska pečenica" a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm "Dalmatinska pečenica" (TGFC) cláraithe anois.

Is táirge d'aicme 1.2. atá sainithe faoin ainm atá sa chéad mhír. Táirgí feola (bruite, saillte, deataithe, etc.) in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 309 an 18.9.2020, lch. 9.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).